

Tearmann Éanna

Lá Oscailte san Ionad Lae

Ar an lá deireanach de mhí Lúnasa na bliana seo réachtáileadh lá oscailte i dTearmann Éanna ar an Tulaigh le heolas a thabhairt don phobal faoina bhfuil ar siúl ann. Tháinig slua deas amach le haghaidh na hócáide agus mar fháilte rompu, thug Cathaoirleach, An tAth. Micheál Ó Flannabhra, S.P., an óráid seo leanas:

Fearaim fíor chaoín fáilte romhaibh ag an lá Oscailte seo.

Mar Chathaoirleach ar Choiste Thearmainn Éanna Teo. glacaim buíochas ar dtús leis an gCoiste deonach a thagann le chéile uair in aghaidh na míosa, le cúrsaí na nAosach a chur chun cinn. Molaim go mór an fhoireann sheirbhíse anseo faoina bhfuil idir lámha acu chuile sheachtain: Peigí - An Bainisteoir agus an fhoireann atá faoina cúram, Breda, Mary agus Páraig, Máirtín, Seán, Máire, Bríd agus Máire. Tá gaisce déanta acu agus is fearr an ghaisce a maítear ná an ghaisce nach ndéantar. Tá siad uilig, bail ó Dhia orthu, ag comhoibriú leis na Ranna Stáit seo leanas le cúrsaí seirbhíse na

nAosach sa gceantar seo a mhéadú:- Pobal, Roinn na Gaeltachta, Udarás na Gaeltachta, HSE, An Chomhairle Contae, V.E.C, Cumas Teo., Bealach, FÁS agus Comharchumann Shailearna Teo.

Tháinig cogar ón ngaoth anoir inné go bhfuil deontas ceadaithe ag Roinn, na Gaeltachta le mionbhus sé shuíochán déag a cheannacht agus faoi láthair táimid ag guí Dé cogar a chur i gcluais na gaoithe aniar le cúnamh a chuirfeadh ar ár gcumas tuille seirbhíse a chur ar fáil don Aosach. Ar fhaitíos go bhfuil míthuiscint ar dhuine ar bith faoi m'údar cainte, cuimhnigh go séideann an ghaoth aniar ó Chumas Teo. agus Bealach Teo.

Cuireann sé seacht gcroí d'áthas ar Thearmann Éanna Teo. bheith ag freastal ar Aosaigh an cheantair. Is uathu a fuair muid a bhfuil de shaibhreas againn idir creideamh, spioradáltacht, teanga, cultúr agus luachanna na Críostaíochta a fágadh againn mar oidhreacht. Is mór an díol mórtais a leithéid d'oidhreacht agus is maith linn aitheantas a thabhairt dhó agus d'aosaigh an cheantair a thug dúinn é.

D'ordaigh Dia cúnamh agus mar chlann Dé is maith linn deiseanna a chruthú do na Ranna Stáit leis an t-aitheantas atá tuillte ag an Aosach a thaispeáint. Tugann lucht an Bhéarla "*the principle of subsidiarity*" ar a leithéid sin de chomhoibriú.



CLPRINT
Clódóirí Lurgan

Printing Services /
Professional Finishing /
In House Design.

Indreabhán,
Co. na Gaillimhe.

t. 091 593 251 / 593 157
f. 091 593 159
e. clodoiri@eircom.net

Inneall nua 5 dhath de dhéanamh KBA Rapida 75 a cheannaigh Clódóirí Lurgan le gairid. Tháinig sí ar luach €700,000 agus í ar cheann de na hinnill is nua aimscartha ar an margadh. Cuirfidh sí go mór le caighdeán, praghas agus luas na hoibre go háirithe ar obair lán daite cosúil le bróisiúir, leabhair. Is ar an inneall seo a priondaileadh *Biseach* na bliana seo.